An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tuarascáil Bhliantúil 2014

Clár Ábhar

	Leathanach
Réamhrá ón gCathaoirleach	i
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	iii
CÉ SINNE AGUS CAD A DHÉANAIMID	
Cé Sinne	1
Comhaltaí an Údaráis	2
Ár Ról	3
Ár Misean agus Luachanna	5
ÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2014	
Ceadúnú	6
Imscrúduithe	10
An Ciste Cúitimh	14
Cláir Phoiblí	15
Acmhainní Soláthar Foirne	17
An tÚdarás a Mhaoiniú	19

Aguisín - Tuarascáil Airgeadais

Réamhrá ó Geraldine Clarke, Cathaoirleach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

Is deas liom an tríú Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a chur i láthair maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Bliain shuntasach a bhí sa bhliain 2014 sa dóigh is gurb í sin an chéad uair ó bunaíodh an tÚdarás gur sannadh baill foirne bhreise dó. Chuir sé sin ar a chumas dul chun cinn a dhéanamh ar ghearáin faoi Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a imscrúdú agus a bhreithniú, rud atá ar cheann de phríomhfheidhmeanna rialála an Údaráis agus atá ina fheidhm thábhachtach chun caighdeáin a ardú agus a choinneáil sa tionscal.

Cé go bhfáiltítear roimh sholáthar na mball foirne breise, ní leor é sin ann féin chun cur ar chumas an Údaráis an líon gearán a bhítear ag fáil gach bliain a phróiseáil. Dá bhrí sin, d'fhorbair an tÚdarás tograí le haghaidh a obair imscrúdúchán a sheachfhoinsiú. Cuireadh na tograí sin faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionnanais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí plé ar na tograí sin ar siúl fós amhail deireadh na bliana 2014. Táim muiníneach, áfach, go n-éireoidh leo sa bhliain 2015 agus cuirfidh sé sin ar chumas an Údaráis córas cuimsitheach um imscrúdú gearán a sholáthar agus córas láidir iniúchtaí comhlíonta a bhunú.

Forbairt ab údar mór misnigh sa bhliain ba ea an feabhsú ar an gcóras um iarratais ar cheadúnais. Bhí feabhas suntasach ar chaighdeán na n-iarratas ar

cheadúnais a fuarthas agus, mar thoradh air sin, tháinig laghdú 30% ar an aga ama a bhíothas ag tógáil chun na hiarratais sin a phróiseáil.

Níorbh fhéidir éachtaí na bliana seo a bhaint amach gan an tiomantas, an dúthracht agus an tsolúbthacht ollmhór a thug foireann an Údaráis. Chumasaigh a gcuid iarrachtaí leibhéal gnóthachtála ar féidir linn a bheith ag súil leis na blianta romhainn go muiníneach dá bharr.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a tacaíocht leantach agus le baill foirne na Roinne as a gcuid iarrachtaí thar ár gceann.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas croíúil le mo chomhghleacaithe san Údarás a chur in iúl as a dtiomantas agus a dtacaíocht, rud lena mbaineann ríthábhacht maidir le rath leantach an Údaráis.

_____

Geraldine Clarke

Deireadh Fómhair 2015

Réamhrá ó Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Clúdaítear leis an tríú Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás an tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2014, tréimhse a ndearnadh an-dul chun cinn lena linn. Cé gur údar misnigh é an dul chun cinn atá déanta, ní mór an-chuid oibre le déanamh fós chun a chinntiú go bhfuil an tÚdarás in ann a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán.

Óna bhunú pas beag níos mó ná dhá bhliain ó shin i mí Aibreáin 2012 i leith, baineadh éachtaí móra amach ó thaobh na bunsraitheanna a chur i bhfeidhm le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine a cheadúnú agus a rialáil de. Ag deireadh na bliana 2014, tugadh córas cuimsitheach nua-aimseartha ceadúnúcháin isteach agus d'éirigh linn aghaidh a thabhairt ar roinnt mhaith de na deacrachtaí ar thángamar orthu sna blianta tosaigh. Suas go dtí an 31 Nollaig 2014, thug an tÚdarás ceadúnas do thart ar 2,104 Fostaí Seirbhísí Maoine/Conraitheoir Neamhspleách agus 4,096 Fostaí.

Tar éis dó an córas nua ceadúnúcháin a bhunú agus a chur chun feidhme, bhí an tÚdarás ábalta díriú ar phríomhfheidhm eile dá chuid, ba é sin, córas a bhunú chun gearáin faoi Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a imscrúdú agus a bhreithniú. Rinneadh na córais agus na nósanna imeachta chun gearáin a imscrúdú a bhunú agus a chur chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2014. Óna bhunú i mí Aibreáin 2012 go dtí deireadh mhí na Nollag 2014, fuarthas 710 gearán san iomlán. Fuarthas 362 gearán díobh sin le linn na bliana 2014. Díobh sin, cuireadh 179 gearán i gcrích. Cé go bhfuil tús curtha leis an obair ar an bpríomhfheidhm thábhachtach sin, ní mór roinnt mhaith oibre a dhéanamh fós. Mar sin féin, beidh acmhainní suntasacha breise soláthar foirne ag teastáil le go bhféadfaidh an tÚdarás a chuid oibleagáidí sa réimse sin a chomhlíonadh.

Maidir le hacmhainní, tá an tÚdarás an-ghann ar fhoireann óna dháta bunaithe i leith. Is é 29 an líon foirne íosta a theastaíonn ón Údarás (gan an Príomhfheidhmeannach a áireamh). Níor sannadh ach 10 ball foirne faoi dheireadh na bliana 2013, áfach. D'aontaigh an tÚdarás oifig a oscailt i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2013 chun an sannadh ball foirne breise don oifig sin a éascú. Ag deireadh na bliana 2014, b'ionann líon foirne an Údaráis agus 14, figiúr atá cothrom le thart ar 50% den íosriachtanas. Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin, chuaigh an tÚdarás isteach i bplé leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn cuid d'obair imscrúdúcháin an Údaráis a sheachfhoinsiú agus forbraíodh tograí le haghaidh seachfhoinsiú. Is ábhar é sin nach mór tús áite a thabhairt dó sa bhliain 2015 mar nach féidir leis an Údarás a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh gan na hacmhainní riachtanacha soláthar foirne a bheith aige.

Méadaíodh Cláir Phoiblí an Údaráis le linn na bliana freisin. Leantar den fhaisnéis sna cláir a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta agus is ag méadú a bhíonn leibhéal spéis an phobail iontu. Is é Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe an clár is mó tóir. Tugadh cuairt air níos mó ná 2 mhilliún uair sa bhliain 2014. Ina theannta sin, leanann Ciste Cúitimh an Údaráis ar aghaidh ag fás agus tá sé ar an mbóthar ceart chun comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas reachtúil a bhaineann le €2m a bheith i sochar an Chiste faoi lár na bliana 2015. Tá sé sin i bhfad chun tosaigh ar an sprioc.

Níorbh fhéidir an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a dhéanamh gan dúthracht agus tiomantas fhoireann an Údaráis agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo ina leith. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord an Údaráis freisin as an tacaíocht agus as an gcomhairle a thug sé ar fud na bliana.

Tiocfaidh lear mór dúshlán aníos sa bhliain romhainn agus tá sé riachtanach go mbeidh acmhainní cuí ag an Údarás chun na dúshláin sin a shárú.

Cé Sinne

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 agus tá sé ar an gcomhlacht reachtúil ag a bhfuil an fhreagracht as tionscal na seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.

Tá ceanncheathrú an Údaráis lonnaithe san Uaimh, Co. na Mí, óna bhunú agus osclaíodh an dara hoifig ag Cearnóg an Easpaig, Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath 2, i mí na Nollag 2013.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcleachtadh a chuid feidhmeanna. Is í Geraldine Clarke Uasal, Aturnae, cathaoirleach an Údaráis agus tá ionadaithe do thionscal na seirbhísí maoine agus do thomhaltóirí i measc a chomhaltaí.

Chomh maith leis an bPríomhfheidhmeannach, sannadh 9 ball foirne san iomlán don Údarás nuair a bunaíodh é. Idir mí na Nollag 2013 agus mí an Mhárta 2014, sannadh 6 ball foirne sa bhreis don Údarás. Chuir sé sin ar a chumas tús a chur le hobair ar ghearáin a imscrúdú, rud atá ar cheann amháin de fhreagrachtaí príomha an Údaráis.

Déantar foráil sa reachtaíocht lena mbunaítear an tÚdarás do cheadúnú roinnt catagóirí soláthraithe seirbhísí maoine agus is iad sin:

Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit
Daoine atá bainteach le Ceant maoine seachas talamh (Ceadúnas Chineál A) agus iad siúd atá bainteach le díol talún ar cibé bealach (Ceadúnas Chineál B)

Gníomhairí Ligin
Daoine atá bainteach le ligean talún (Ceadúnas Chineál C)

Gníomhairí Bainistíochta
Daoine atá bainteach le soláthar Seirbhísí Bainistíochta thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas Chineál D).

Comhaltaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Faoin Acht, ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus comhaltaí á gceapadh aige chun an Údaráis, an inmhianaitheacht a chur san áireamh go mbeidh eolas nó taithí acu maidir le gnóthaí tomhaltóirí, gnó, airgeadas, bainistíocht nó riarachán nó ábhar ar bith eile a chuideodh, dar leis an Aire, leis an Údarás agus a chuid fheidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige.

Ordaítear san Acht chomh maith, áfach, nach mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa chomhaltas:

(a) nach mó ná triúr ar ionadaithe iad do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine, agus

(b) nach lú ná triúr a bhfuil eolas acu ar ghnóthaí tomhaltóirí nó a bhfuil taithí acu ar ghnóthaí tomhaltóirí.

Is mar seo a leanas atá comhaltaí an Údaráis:
Geraldine Clarke Uasal (Cathaoirleach)
Carol Boate Uasal, Ionadaí Tomhaltóirí
An tUas. Edward Carey, Ionadaí Tionscail
An tUas. Patrick Davitt, Ionadaí Tionscail*
An tUas. James Doorley, Ionadaí Tomhaltóirí
Deirdre Fox Uasal, Ionadaí Tomhaltóirí*
An tUas. Martin Hanratty, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath*
Josephine Henry Uasal, Ionadaí Tomhaltóirí*
An tUas. Paul Mooney, Ionadaí Tionscail
An tUas. Myles O'Reilly, Ionadaí Tomhaltóirí
Regina Terry Uasal, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*.

Bíonn comhaltaí an Údaráis i seilbh oifige ar feadh tréimhse ceithre bliana. De na comhaltaí a ceapadh chun an Údaráis lá a bhunaithe, áfach, tá cúigear i seilbh oifige ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta a gceapacháin faoi seach. Tá ainm na ndaoine a ceapadh ar feadh tréimhse trí bliana marcáilte le réiltín.

Ról an Údaráis

Is é príomhról an Údaráis a chinntiú go mbainfear cuspóirí na reachtaíochta bunaithe amach go hiomlán lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na daoine atá ceadúnaithe chun Seirbhísí Maoine a sholáthar na caighdeáin is airde i soláthar seirbhíse agus go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint go hiomlán trí fhorálacha an Achta a chur i bhfeidhm go dian.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

• Rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);
• Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú lena gclúdaítear gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;
• An méid a leanas a shonrú agus a chur i bhfeidhm:- o caighdeáin do dheonú ceadúnas do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil d'árachas gairmiúil slánaíochta), agus; o caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á soláthar ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin oiriúnacha eiticiúla);
• Bunú agus riar a dhéanamh ar chóras chun caighdeáin i soláthar Seirbhísí Maoine a imscrúdú;
• Bunú agus riar a dhéanamh ar chóras chun gearáin faoi Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a imscrúdú agus a bhreithniú;

• Smachtbhannaí a ghearradh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas le €250,000 agus cúlghairm ceadúnais);
• Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe an phobail ar sheirbhísí maoine go ginearálta a chur chun cinn;
• Ciste Cúitimh a bhunú, a choinneáil agus a riar chun cúiteamh a sholáthar do pháirtithe a chailleann airgead mar thoradh díreach ar mhí-ionracas Soláthraí Seirbhísí Maoine;
• Cóid Chleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;
• Clár Poiblí na bPraghsanna Díolacháin Mhaoine a bhunú;
• Gníomhú mar Údarás Inniúil Stáit le haghaidh Sciúradh Airgid;
• Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú;
• Comhairle a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le cúrsaí ar bith a bhaineann leis na feidhmeanna thuas agus an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ar bith a chuideodh le beartas a fhorbairt.

MISEAN AGUS LUACHANNA

MISEAN

Is é misean an Údaráis ná rialú agus maoirsiú a dhéanamh ar Cheantálaithe, ar Ghníomhairí Eastáit, ar Ghníomhairí Ligin agus ar Ghníomhairí Bainistíochta agus leasanna an phobail a chosaint ina chaidreamh leo ach a chinntiú go gcoimeádtar caighdeáin arda agus seirbhísí maoine á soláthar.

LUACHANNA

Leas an Phobail

Tá an tÚdarás tiomanta dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh le leas an phobail.

Dea-Rialachas agus Luach ar Airgead

Tá an tÚdarás tiomanta do chaighdeáin arda rialachais agus ionracais a chomhlíonadh agus dá chuid gnó a dhéanamh ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de.

Comhairliúchán

Tá an tÚdarás tiomanta do dhul i dteagmháil lena pháirtithe leasmhara maidir le forbairt leanúnach agus soláthar leanúnach a chuid seirbhísí.

Tiomantas don Fhoireann

Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá fhoireann ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh agus gairmeacha sásúla san eagraíocht a fhorbairt.

Ceadúnú

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine atá ag soláthar seirbhísí maoine in Éirinn a bheith ceadúnaithe ag an Údarás agus sainmhínítear ann go n-áirítear na nithe seo leis na seirbhísí sin:

- ***Ceant Maoine seachas Talamh (Ceadúnas Chineál A)***
- ***Díol Talún ar cibé bealach (Ceadúnas Chineál B)***
- ***Ligean Talún (Ceadúnas Chineál C), agus***
- ***Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Maoine (Ceadúnas Chineál D)***

Eisíonn an tÚdarás ceithre chineál éagsúla ceadúnais a chomhfhreagraíonn do na ceithre chineál seirbhísí maoine a shainmhínítear san Acht agus féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar cheadúnas amháin nó ar níos mó ná ceadúnas amháin. Is gá ceadúnais a athnuachan gach bliain.

Toisc go n-oibreofar ceadúnais go ginearálta thar dhá bhliain tuairiscithe ar leith, is gá, sna chéad chéimeanna d'fhorbairt an Údaráis, na staitisticí um cheadúnú a chur i láthair thar thréimhse is faide ná an tréimhse tuairiscithe d'fhonn iad a mhíniú mar is ceart. Sa tréimhse ón 6 Iúil 2012 go dtí deireadh na bliana 2014, fuarthas 7,119 iarratas ar cheadúnais. Díobh sin, deonaíodh ceadúnais i 6,200 cás agus diúltaíodh do 714 iarratas. Bhí 199 iarratas nua faoi athbhreithniú amhail an 31 Nollaig 2014. De na 6,200 ceadúnas a eisíodh ó mhí Iúil 2012 i leith, níor athnuadh an ceadúnas nó scoireadh den trádáil faoi dheireadh na bliana 2014 i gcás thart ar 644 Ceadúnas.

Sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013, thángthas ar dheacrachtaí móra agus ceadúnais á bpróiseáil de bharr na fírice go raibh deacrachtaí móra ag iarratasóirí na ceanglais nua faoin Acht a chomhlíonadh. Tháinig sé sin den chuid ba mhó as an bhfíric gur phróiseas nua ar fad a bhí sa phróiseas agus gur theip ar roinnt mhaith iarratasóirí, ina gcéad iarratas, an fhaisnéis/an fhianaise riachtanach a chur isteach mar thaca lena n-iarratas. Mar thoradh air sin, bhí ar an Údarás iarraidh ar na hiarratasóirí tuilleadh faisnéise/fianaise a chur ar fáil i bhformhór na gcásanna (os cionn 90%). Tháinig feabhas

suntasach ar an scéal le linn na bliana, áfach, agus mar thoradh air sin, bhí an phróiseáil ceadúnas cothrom le dáta go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2014.

Is iad seo a leanas na sonraí faoi na ceadúnais a próiseáladh sa tréimhse idir mí Iúil 2012 agus mí na Nollag 2014.

Ceadúnais arna bPróiseáil	
Ceadúnais Nua	
Iarratais idir mí Iúil 2012 agus mí na Nollag 2014	7,119
Ceadúnais Nua arna nDeonú in 2012	1,123
Ceadúnais Nua arna nDeonú in 2013	4,259
Ceadúnais Nua arna nDeonú in 2014	818
Ceadúnais arna nDiúltú in 2012/2014	714
Iarratais ag Fanacht ar Fhaisnéis	199

Athnuachaintí – 2014	
Ceadúnais Athnuachana arna nEisiúint	4,655
Athnuachaintí ag Fanacht ar Fhaisnéis	139
Ceadúnais arna nDiúltú	89

Ceadúnais nár Athnuadh/a Scoireadh den Trádáil	644

Cé nach raibh an raon céanna deacrachtaí a bhí le sonrú i mblianta roimhe sin ag baint leis an bpróiseáil ceadúnas le linn na bliana 2014, tháinig toisc nua ba chúis le himní chun solais maidir leis an athnuachan ceadúnas, ba é sin, Tuarascálacha Cuntasóra. Ní mór do Cheadúnaí faoin Acht, agus ceadúnas á athnuachan aige, Tuarascáil Cuntasóra a chur isteach lena rá go bhfuil nósanna imeachta cuntasaíochta i bhfeidhm ag an gCeadúnaí le haghaidh airgead cliant a chosaint. Baineann an Tuarascáil Cuntasóra is gá a chur isteach leis an gcéad iarratas le dearbhú ón iarratasóir go mbeidh córais agus nósanna imeachta áirithe, arna sainiú sna Rialacháin um Airgead Cliant (I.R. 181 de 2012), i bhfeidhm chun airgead cliant a chosaint. Ceanglaítear ar an gcuntasóir leis an Tuarascáil atá le cur isteach le hiarratas ar athnuachan, áfach, scrúdú a bheith déanta aige ar idirbhearta na gcuntas agus dearbhú a

shíniú lena rá go raibh an t-iarratasóir comhlíontach go hiomlán le linn “na tréimhse cuntasaíochta” maidir lena oibleagáidí/hoibleagáidí faoi na Rialacháin. Bhí moilleanna suntasacha ann maidir le Tuarascálacha dá leithéidí a thabhairt agus, amhail deireadh na bliana 2014, dhiúltaigh an tÚdarás do cheadúnais nua a athnuachan nó d’eisigh sé togra chun iad a athnuachan i 137 cás.

Is é seo a leanas leithdháileadh na gceadúnas a eisíodh suas go dtí deireadh na bliana 2014 idir fostóirí agus fostaithe:

Catagóir an Cheadúnaí	**Líon na gCeadúnas**
Cuideachta	1,027
Comhpháirtíocht	89
Trádálaí Aonair	369
Conraitheoir Neamhspleách	621
Fostaí	4,094
Iomlán	6,200

De na 6,200 ceadúnas a deonaíodh idir mí Lúil 2012 agus mí na Nollag 2014, bhain roinnt le cineál ceadúnais aonair agus bhain roinnt eile leis na ceithre chineál ceadúnais go léir. Is mar seo a leanas atá an miondealú ar na ceadúnais sin:

Ceadúnais arna nEisiúint de réir an Chineáil Cheadúnais	
An Cineál Ceadúnais arna Eisiúint	**Ceadúnais arna nEisiúint**
A	227
A,B	67
A,B,C	2,661
A,B,C,D	878
A,B,D	6
A,C	15
A,C,D	4
A,D	6
B	183
B,C	717

B,C,D	317
B,D	1
C	300
C,D	222
D	596
Iomlán	**6,200**

San iomlán, bhí feabhas suntasach sa bhliain 2014 ar fhreagairt na gceadúnaithe do na ceanglais nua is gá chun ceadúnas a fháil. Cé go raibh feabhas suntasach ann, táthar imníoch fós nach bhfuil tuiscint iomlán ag roinnt mhaith daoine sa tionscal ar an tionchar a bheadh orthu dá dteipfeadh orthu cloí lena gcuid oibleagáidí.

Ó bhunú an Údaráis i leith, thug an Príomhfheidhmeannach aitheasc do lear comhdhálacha ar reáchtáil na príomhchomhlachtaí ionadaíocha sa Tionscal iad ar fud na bliana, comhdhálacha ar tugadh breac-chuntas iomlán ar an gcóras rialála nua lena linn. Áiríodh na comhdhálacha seo leo: Cumann Suirbhéirí Cairte Éireann (SCSI) (an comhlacht a tháinig as cumasc Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe na hÉireann le Cumann na Suirbhéirí Cairte), Cumann Bainistíochta Maoine agus Saoráidí na hÉireann (atá cumaiscthe leis an SCSI anois) agus Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla (IPAV). Leagadh béim ag gach ceann de na comhdhálacha sin ar an tionchar a bheadh ar dhaoine dá dteipfeadh orthu cloí lena gcuid oibleagáidí reachtúla. Chuir na comhdhálacha sin ar chumas an Phríomhfheidhmeannaigh aitheasc a thabhairt do na mílte duine sa tionscal. Ós rud é gurb eol nach ndéanann an SCSI agus an IPAV ionadaíocht do phobal iomlán na gceadúnaithe, áfach, is é an cleachtas anois freisin, agus ceadúnais á n-eisiúint gach bliain, meabhrúchán d'oibleagáidí reachtúla an cheadúnaí agus don tionchar a bheadh ar cheadúnaí dá dteipfeadh air cloí leis na hoibleagáidí sin a chur san áireamh sa litir mhínithe.

Imscrúduithe

Gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine. Tá trí chineál imscrúdaithe ann ar féidir leis an Údarás iad a dhéanamh agus is iad sin:

- imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar neamhdhleathach seirbhísí maoine ag soláthraithe neamhcheadúnaithe seirbhísí,
- imscrúdú a dhéanamh ar na caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtúil ag soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí,
- imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh faoi sholáthraithe ceadúnaithe seirbhísí.

Is teoranta do bheith ag fáil amach an bhfuil nó nach bhfuil an duine i gceist ag soláthar seirbhís maoine mar a shainmhínítear san Acht agus an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís sin á soláthar ar luach saothair atá an t-imscrúdú ar dhaoine atá ag soláthar seirbhísí maoine gan an ceadúnas cuí. A luaithe atá an dá fhíric sin faighte amach, is faoin Údarás atá sé ionchúiseamh a thabhairt os comhair na gcúirteanna as sárú ar alt 28 den Acht.

Is de dheoin an Údaráis féin a dhéantar imscrúduithe ar chaighdeáin i soláthar seirbhísí maoine agus ar chomhlíonadh reachtúil ag soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí. Is éard atá i gceist iontu scrúdú ar cé acu a ghlac nó nár ghlac ceadúnaí páirt in “iompar míchuí” agus cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an ceadúnaí an tAcht.

Ní bhaineann an tríú cineál imscrúdaithe ach le “iompar míchuí” agus tagann sé chun cinn de bharr gearán arna ndéanamh ag daoine faoi Sholáthraí Seirbhísí Maoine.

Ós rud é gur le ceadúnaithe amháin a bhaineann imscrúduithe ar “iompar míchuí” líomhnaithe, ar chomhlíonadh reachtúil agus ar chaighdeáin, ba ghá an córas nua ceadúnúcháin a chur chun feidhme go hiomlán sularbh fhéidir aon imscrúduithe a dhéanamh. Mar gheall ar chineál fadtréimhseach na

hoibre atá i gceist leis an gcóras nua ceadúnúcháin a chur chun feidhme mar aon leis na hacmhainní teoranta soláthar foirne, níorbh fhéidir tús a chur le hobair ar na nósanna imeachta riachtanacha imscrúdúcháin a fhorbairt agus le hobair ar imscrúduithe a dhéanamh go dtí an ráithe deiridh den bhliain 2013.

Tá an bunchreat dlíthiúil agus nósanna imeachta le haghaidh na gcineálacha imscrúdaithe sin leagtha amach i gCuid 7 den Acht. Go hachomair, clúdaítear na nithe seo a leanas leo:

- na cúinsí agus an dóigh ina bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar "iompar míchuí", de réir an tsainmhínithe atá air, ag Soláthraí Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine,
- na cumhachtaí iontrála agus cigireachta atá ag Cigirí arna gceapadh ag an Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh agus dualgais na gCigirí sin,
- dualgais an Údaráis tar éis imscrúdú a chur i gcrích, agus
- na cúrsaí nach mór don Údarás a bhreithniú nuair atá sé ag teacht ar chinneadh mar thoradh ar thuarascáil Chigire agus nuair atá sé ag gearradh smachtbhannaí.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ach ar "iompar míchuí" líomhnaithe a shainmhínítear san Acht mar seo a leanas:

> *"(a) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh gnímh a fhágann nach duine inniúil cuí é a thuilleadh chun seirbhísí maoine a sholáthar,*
> *(b) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh sárú ar cheann ar bith de na hailt seo den Acht—*
> *alt 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6), nó (7), 41(1), 43(1), (2), nó (3), 44(2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, nó 81(1) nó (2), nó*
> *(c) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh sárú ar fhoráil de rialacháin a dhéantar faoi alt 46, 62, nó 95 den Acht,*

(d) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh ráitis maidir le margadhluach comhairlithe nó maidir le luach comhairlithe ligin talún, is ráiteas ar léir é a bheith míréasúnach."

Maidir le himscrúduithe, féadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh freisin ar dhaoine atá bainteach le soláthar seirbhísí maoine, de réir an tsainmhínithe atá air, nach bhfuil ceadúnas acu chun na seirbhísí sin a chur ar fáil. Má aimsítear go bhfuil duine bainteach leis sin, áfach, caithfidh an tÚdarás ionchúiseamh a thionscnamh in aghaidh an duine sin.

Faoi thús na bliana 2014, níor baineadh aon rud amach sa réimse sin seachas bunú an bhunachair sonraí chuimsithigh gearán agus anailís a rinneadh ar ghearáin a fuarthas suas go dtí deireadh na bliana 2013.

I dtús na bliana 2014, sannadh 6 ball foirne sa bhreis don Údarás chun críche a acmhainne imscrúdúcháin a fhorbairt.

Fuarthas 710 gearán san iomlán go dtí deireadh na bliana 2014. Rinneadh 362 gearán díobh sa bhliain 2014. Ag an 31 Nollaig 2014, is mar seo a leanas atá stádas na ngearán go léir a fuarthas go dtí an dáta sin:

Stádas an Ghearáin	
Céim an Mheasúnaithe Tosaigh	382
Curtha i gCrích/Diúltaithe/Neamhghlactha	179
Socraithe idir na Páirtithe	5
Tarraingthe Siar ag an nGearánach	18
Céim na Cigireachta	125
Achomharc	1
Iomlán	**710**

Ag deireadh na bliana 2014, cinneadh 179 cás san iomlán. Ba é an cinneadh i bhformhór na gcásanna sin diúltú don ghearán nó gan glacadh leis ar an

bhforas nárbh ionann ábhar an ghearáin agus iompar míchuí laistigh de bhrí an Achta. Measadh gur ghá i 125 cás san iomlán Cigire a cheapadh chun imscrúdú iomlán a dhéanamh ar an ngearán. Admhaíodh 382 cás eile ach níl cinneadh déanta fós ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar imscrúdú.

De bhreis ar imscrúduithe ar iompar míchuí, rinne an tÚdarás imscrúduithe ar líomhaintí go raibh seirbhísí maoine á soláthar ag daoine gan ceadúnas a bheith acu. Fuarthas 198 gearán san iomlán faoi dhaoine a bhí ag trádáil gan ceadúnas a bheith acu. Aimsíodh na nithe seo tar éis scrúdú a dhéanamh ar na cásanna sin:

- bhain 61 ceann de na cásanna sin le daoine a bhí ceadúnaithe dáiríre,
- bhain 7 gcinn de na cásanna le daoine a bhí ag fanacht ar thoradh ar a n-iarratas ar cheadúnas,
- bhain 72 ceann de na cásanna le daoine a sainaithníodh gur scoir siad den trádáil,
- tionscnaíodh ionchúisimh nó bhí siad ar siúl i leith 5 chás, agus
- bhí fianaise á measúnú i leith 53 cás.

An Ciste Cúitimh

Riarann an tÚdarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bunaíodh faoin Acht. Is é cuspóir an Chiste cúiteamh a thabhairt do dhaoine dár bhain caillteanas i ngeall ar mhí-ionracas soláthraí seirbhísí. Ceanglaítear ar an Údarás a chinntiú go gcoinnítear an méid i sochar an Chiste ag €2 mhilliún ar a laghad agus ní mór é sin a bhaint amach laistigh de 4 bliana óna bhunú.

Is é €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta is iníoctha leis an gCiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €50 in aghaidh na bliana an leibhéal is iníoctha leis ag Fostaí.

Sa chás gur deimhin leis gur bhain caillteanas do chliant Soláthraí Seirbhísí Maoine i ngeall ar mhí-ionracas an tSoláthraí Seirbhísí Maoine, ní mór don Údarás, faoi réir coinníollacha áirithe a shonraítear san Acht, cúiteamh a íoc leis an gcliant ón gCiste.

Amhail an 31 Nollaig 2014, b'ionann an méid i sochar an Chiste agus breis agus €1.6 milliún. Ar bhonn líon na gceadúnas a deonaíodh suas go dtí deireadh na bliana 2014, is féidir an ceanglas a bhaineann le €2 mhilliún a bheith sa Chiste laistigh de 4 bliana ó bhunú an Údaráis a bhaint amach ach an leibhéal reatha ranníocaíochtaí a choinneáil.

Chinn an tÚdarás árachas a chur ar an gCiste chun é a chosaint agus chun a chinntiú go gcoinnítear an méid atá i sochar an Chiste ag €2 mhilliún ar a laghad. Tosaíodh ar réamhphlé agus réamhshocruithe le haghaidh árachas a chur ar an gCiste i dtreo dheireadh na bliana 2014 agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche iad go luath sa bhliain 2015.

Ní dhearnadh éilimh ar bith ar an gCiste suas go dtí deireadh na bliana 2014.

Cláir Phoiblí

Coinníonn an tÚdarás trí Chlár Phoiblí, is iad sin, Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe, Clár Poiblí na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála.

Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe

Ar na sonraí arna bhfoilsiú tá praghas, dáta díola agus seoladh gach maoine cónaithe arna ndíol in Éirinn ó mhí Eanáir 2010 i leith. Nuashonraítear an fhaisnéis gach seachtain agus foilsítear í laistigh de mhí tar éis dháta díola na maoine.

Bhí breis agus 4 mhilliún cuairt tugtha ar an suíomh óna fhoilsiú tosaigh i mí Mheán Fómhair 2012 go dtí deireadh mhí na Nollag 2014. I gcomparáid leis sin, bhí 2 mhilliún cuairt tugtha go dtí deireadh mhí na Nollag 2013.

Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine

Tá na nithe seo ar na sonraí arna bhfoilsiú:

- Ainm an Cheadúnaí
- Seoladh an Cheadúnaí
- Catagóir an Cheadúnaí (i.e. Cuideachta, Comhpháirtíocht, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- An Cineál Ceadúnais atá aige
- Dáta Éaga an Cheadúnais

Nuashonraítear an clár gach seachtain.

Is é 6,200 líon iomlán na gceadúnas a eisíodh ó bhunú an Údaráis go dtí an 31 Nollaig 2014. I gcomparáid leis sin, eisíodh 5,382 ceadúnas tráth dheireadh mhí na Nollag 2013.

Clár na Léasanna Tráchtála

Le héifeacht ó dháta bunaithe an Údaráis an 3 Aibreán 2012 i leith, tá oibleagáid reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt don Údarás:

- Seoladh na maoine tráchtála léasaithe;
- Dáta léasaithe na maoine;
- Téarma an léasa i mblianta;
- An cíos is iníoctha maidir leis an maoin;
- Dáta tosaithe théarmaí an léasa;
- An chomaoin chaipitiúil (más ann) atá le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún i dtaca leis an maoin tráchtála is ábhar don léas;
- Minicíocht an athbhreithnithe cíosa maidir leis an maoin;
- Na sonraí a bhaineann le cé atá faoi dhliteanas maidir leis na rátaí, le hárachas, le muirir sheirbhíse agus le deisiúcháin i dtaca leis an maoin;
- Glanachar an urláir, in aghaidh gach urláir, den mhaoin;
- Na sonraí (más ann) maidir le tréimhsí nach bhfaightear cíos iontu, leis an am a cheadaítear d'fheistiú, le liúntais feistithe agus le ranníocaíochtaí caipitil i dtaca leis an maoin;
- Na sonraí maidir le clásail scoir ar bith sa léas; agus
- Uimhir aitheantais an deimhnithe laistigh de bhrí na Rialachán Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí), 2009.

Tá faisnéis sa chlár faoi na léasanna go léir a ndeachthas isteach iontu ón 1 Eanáir 2010 i leith. Díobh sin, bhí breis agus 34,000 iontráil go dtí deireadh mhí na Nollag 2014. I gcomparáid leis sin, b'ionann an figiúr agus 25,000 ag deireadh mhí na Nollag 2013.

Ó bhunú an Údaráis an 3 Aibreán 2012 i leith, iontráladh thart ar 19,000 léas sa chlár amhail an 31 Nollaig 2014. I gcomparáid leis sin, bhí 9,000 léas sa chlár ag deireadh na bliana 2013.

Acmhainní Soláthar Foirne

Nuair a bunaíodh an tÚdarás, measadh go mbeadh 30 ball foirne san iomlán ar a laghad (Príomhfheidhmeannach (CEO) amháin, beirt Phríomhoifigeach Cúnta (AP), 10 Ardoifigeach Feidhmiúcháin (HEO), 11 Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) agus 6 Oifigeach Cléireachais (CO)) ag teastáil le go bhféadfadh an tÚdarás a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. De bhreis ar an leithdháileadh tosaigh foirne ar an Údarás, cuireadh seisear ball foirne sa bhreis san iomlán ar fáil i dtreo dheireadh na bliana 2013 chun déileáil leis na 300 gearán, a bheag nó a mhór, a fhaightear gach bliain agus chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste mór maidir le gearáin a imscrúdú. Bhí an tÚdarás ábalta freisin tús a chur le hobair ar fheasacht tomhaltóirí a chur chun cinn agus ar threoirlínte tionscail a fhorbairt.

Sainordú eile a tugadh don Údarás mar chuid dá fheidhmeanna reachtúla rialála is ea iniúchtaí comhlíonta a dhéanamh ar a cheadúnaithe. Thionscain an tÚdarás roinnt de na hiniúchtaí sin i dtreo dheireadh na bliana 2014. San iomlán, cuireadh srian ollmhór leis an Údarás tabhairt faoina fhreagrachtaí rialála ar fad ós rud é gur lú ná an leibhéal íosta a theastaíonn atá acmhainní soláthar foirne an Údaráis.

Tugadh breac-chuntas mionsonraithe ar na saincheisteanna sin don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar fhreagairt dó sin, d'iarr an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an Údarás breithniú a dhéanamh ar roinnt dá chuid oibre a sheachfhoinsiú agus, tar éis dó a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí a athbhreithniú go cúramach, mheas an tÚdarás gurbh é sin an chéad bhealach réalaíoch amháin ina bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ullmhaíodh togra le haghaidh an-chuid d'obair imscrúdúcháin an Údaráis a sheachfhoinsiú agus cuireadh faoi bhráid an dá Roinn é i mí an Mheithimh 2014. Tar éis plé idir na trí eagraíocht, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead i mí na Samhna 2014 le dul ar aghaidh leis an togra um sheachfhoinsiú chuig céim an tsoláthair.

Struchtúr Soláthar Foirne ag an 31 Nollaig 2014



Sa bhliain 2014, thacaigh 10 oifigeach cléireachais sealadach leis an Údarás ar feadh tréimhse dhá sheachtain déag. Chabhraigh siad le hiarratais ar athnuachaintí ceadúnais a phróiseáil. Bhí tionchar dearfach ag na hacmhainní breise sin a bheith ar fáil don Údarás ar an aga próiseála i gcás iarratas ar cheadúnais nua agus iarratas ar athnuachaintí ceadúnais araon.

An tÚdarás a Mhaoiniú

Gach bliain, íoctar na táillí a ghineann an tÚdarás isteach sa Státchiste agus déantar soláthar airgeadais don Údarás ón Státchiste ansin.

Ceanglaítear ar an Údarás le dlí é féin a mhaoiniú. Ní mór a chostais ar fad, lena n-áirítear costais foirne, a mhaoiniú ó na táillí a ghineann sé.

Foráiltear le hAlt 25(3) den Acht nach féidir leis an Údarás brabús ná caillteanas a dhéanamh agus go mbeidh méid iomlán na dtáillí a mhuirearófar go bliantúil, chomh gar agus is féidir, agus blianta a ghlacadh le chéile, comhionann leis an gcaiteachas iomlán a thabhófar go bliantúil.

B'ionann na táillí a gineadh ó cheadúnú le linn 2014 agus €2.3 milliún.

Óna bhunú i mí Aibreáin 2012 go dtí an 31 Nollaig 2014, thug an tÚdarás ioncam €6.8 milliún ar ais don Státchiste. Sa tréimhse sin, b'ionann méid iomlán na ndeontas a thug an Státchiste don Údarás agus €2.6 milliún.

Ó bhunú an Údaráis i leith, chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais raon seirbhísí ar fáil don Údarás nár gearradh muirir ar bith ar an Údarás ina leith. Áirítear Seirbhísí TF agus Seirbhísí Airgeadais leis na seirbhísí sin. Anuas air sin, is go lárnach atá costais chóiríochta an Údaráis á dtabhú.

Bhí plé ar siúl ag deireadh na bliana ar chostáil na seirbhísí sin d'fhonn Comhaontuithe Seirbhíse lánchostáilte iomlána a chur i bhfeidhm idir an tÚdarás agus an Roinn. A luaithe is atá na Comhaontuithe sin tugtha chun críche agus atá na costais iomlána chóiríochta comhaontaithe, is soiléire a bheidh an staid i dtaca leis an bhfíor-ranníocaíocht ón Státchiste leis an Údarás.

AGUISÍN

RÁITIS AIRGEADAIS 2014

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu ar idirbhearta an Údaráis agus ar staid a ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Údaráis ag an **31** Nollaig 2014 agus ar na hidirbhearta don bhliain 2014.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- nach léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 29 Meitheamh 2015

Ráitis Airgeadais

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

CLÁR ÁBHAR LEATHANACH

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6
Clár Comhardaithe	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9 – 12

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ráitis airgeadais a ullmhú sna foirmeacha agus i dtaca leis na tréimhsí cuntasaíochta a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- A lua gur cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina dtugtar léiriú atá réasúnta cruinn ag am ar bith ar staid airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar a shócmhainní a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go bhfuil córas cuí um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar an gcuntas caiteachais a thaifeadtar ar bhonn míosúil mar aon leis an ioncam a fuarthas.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chucu le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus cur san áireamh á dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann agus ar an líon teoranta foirne. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn rialú airgeadais éifeachtach a chur ar fáil.

1. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun na hearraí agus na seirbhísí ar fad a cheannach, chun sonraisc a fhaomhadh i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus chun íocaíocht a fhaomhadh maidir le hearraí agus seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta chuige sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as iniúchtaí inmheánacha a chur chun feidhme.

2. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar chuntais mhíosúla bhainistíochta.

3. Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an rannóg iniúchóireachta inmheánaí.

4. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair na rannóige iniúchóireachtaí inmheánaí.

5. Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le soláthar agus tá sé ag cloí leis na ciorcláin ar fad a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreat-chomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunús Cuntasaíochta
Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin sa chás go luaitear thíos é, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Glactar caighdeáin tuairiscithe, arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

Aithint Ioncaim
Déantar ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ioncam táillí ceadúnas a thuairisciú ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear ioncam táillí ceadúnas nuair a fhaightear iarratas ar cheadúnas. Déantar ioncam táillí ceadúnas a íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais na Roinne. Coimeádann an tÚdarás comhardú ina chuntais le haghaidh táillí a aisíoc.

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 77(1) den Acht ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a choimeád. Déantar cuntais an Chiste a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh de réir Sceideal 6 leis an Acht.

Caiteachas
Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a phróiseálann an párolla agus taifeadtar é sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid thirim.

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe
Léirítear sócmhainní seasta ag an nglanluach leabhar ar dháta an aistrithe chuig an Údarás.

Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Troscán	Méid Cothrom 10%
Crua-earraí agus Bogearraí TF	Méid Cothrom 20%
Trealamh Oifige	Méid Cothrom 20%

Cuntas Caipitil
Léirítear sa chuntas caipitil an luach neamhamúchta ioncaim a cuireadh i bhfeidhm chun críche caiteachas caipitil.

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Ioncam	**Nótaí**	**2014**	**2013**
		€	**€**
Deontas Oireachtais	**1**	1,216,739	832,166
Ioncam	**2**	2,205,610	2,107,200
Aistriú ón gCuntas Caipitil	***6***	2,148	3,738
Ioncam Iomlán		**3,424,497**	**2,943,104**
Caiteachas			
Costais foirne	**3**	973,905	664,307
Riarachán	**4**	279,327	196,882
Táille iniúchóireachta		8,800	8,150
Dímheas	**5**	2,148	3,738
Caiteachas Iomlán		**1,264,180**	**873,077**
Glan-Ioncam		2,160,317	**2,070,027**
Íocaíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		(2,250,000)	(2,350,000)
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin don bhliain		(89,683)	(279,973)
Barrachas i dtús na bliana		111,132	391,105
Barrachas ag deireadh na bliana		**21,449**	**111,132**

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 13

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

Sócmhainní Seasta	**Nótaí**	**2014**	**2013**
		€	**€**
Sócmhainní seasta inláimhsithe	**5**	8,390	2,654
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim		60,912	105,791
Stoic	**7**	14,264	21,968
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí		16,661	25,733
		91,837	**153,492**
Dliteanais reatha			
Creidiúnaithe agus fabhruithe		70,388	42,360
Glansócmhainní Reatha		**21,449**	**111,132**
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		**29,839**	**113,786**
Maoinithe ag			
Cuntas Caipitil	**6**	8,390	2,654
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		21,449	111,132
		29,839	113,786

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 13.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Réiteach barrachas oibriúcháin chuig an insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**2014**	**2013**
		€
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin don bhliain	(89,683)	(279,973)
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	2,148	3,738
Aistriú chuig an/(ón) gCuntas Caipitil	(2,148)	(3,738)
Laghdú/(Méadú) i stoic	7,704	13,391
Laghdú/(Méadú) i bhféichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	9,072	9,749
(Laghdú)/Méadú i gcreidiúnaithe agus fabhruithe	28,028	13,566
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**(44,879)**	**(243,267)**
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	**(44,879)**	**(243,267)**

Réiteach sreafa ghlain airgid le gluaiseacht i (nglanfhiachas)/nglanchistí

Glanchistí i dtús na bliana	105,791	349,058
Glanchistí ag deireadh na bliana	60,912	105,791
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	**(44,879)**	**(243,267)**

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 13.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

1 **Deontas Oireachtais**	**2014**	**2013**
	€	**€**
Vóta 24 - Dlí agus Ceart agus Comhionannas	**1,216,739**	**832,166**

Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an Údaráis, a chuireann cistiú ar fáil. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a mhuirearaítear chuig Cuntas Leithreasa na Roinne sin.

2 Ioncam

		2014	**2013**
		€	**€**
Ioncam táillí ceadúnas arna fháil	2,387,780		
Lúide aisíocaíochtaí	(184,050)	2,203,730	2,106,320
Táillí chun clár na léasanna tráchtála a rochtain		1,880	880
Ioncam iomlán		**2,205,610**	**2,107,200**

Ní mór do Cheantálaithe, do Ghníomhairí Eastáit, do Ghníomhairí Ligin agus do Ghníomhairí Bainistíochta Maoine a bheith ceadúnaithe agus rialáilte ag an Údarás. Íoctar Táillí Ceadúnas ar bhonn bliantúil. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó le halt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rinne an tÚdarás rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ceadúnú) 2011, 2012, leagtar amach an táille atá le gearradh as ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine - €1,000, conraitheoir neamhspleách - €1,000, agus príomhoifigeach nó fostaí - €100.

3 **Costais Foirne**	**2014**	**2013**
	€	**€**
Pá agus tuarastal	971,955	657,353
Taisteal agus cothú	1,950	6,954
Iomlán	**973,905**	**664,307**

D'fhostaigh an tÚdarás 18 mball foirne ar choibhéis lánaimseartha (2013: 15.7) agus 10 ball foirne sealadach sa bhliain 2014 (2013: 7).

4 Costais Riaracháin

	2014	2013
	€	€
Táillí comhaltaí boird	50,873	50,872
Postas agus teileachumarsáid	59,093	61,034
Trealamh oifige agus soláthairtí oifige eile	50,254	58,025
Glantachán agus cothabháil oifigí	7,256	6,622
Solas agus teas	15,304	9,528
Táillí dlí	87,760	7,500
Táillí bainc	489	359
Costais ghinearálta	8,298	2,942
	279,327	**196,882**

5 Sócmhainní Seasta

	TF	Trealamh Oifige	Troscán	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ag an 1 Eanáir 2014	7,652	2,950	1,634	12,236
Breiseanna	7,884	**-**	**-**	7,884
Diúscairtí	**-**	-	**-**	-
Ag an 31 Nollaig 2014	15,536	2,950	1,634	20,120
Dímheas Carntha				
Ag an 1 Eanáir 2014	5,312	2,636	1,634	9,582
Arna mhuirearú sa bhliain[1]	1,968	180	**-**	2,148
Diúscairtí	**-**	-	**-**	**-**
Ag an 31 Nollaig 2014	7,280	2,816	1,634	11,730
Glanluach Leabhar				
Ag an 1 Eanáir 2014	2,340	314	**-**	2,654
Ag an 31 Nollaig 2014	**8,256**	**134**	**-**	**8,390**

[1] Muirearaíodh dímheas sa bhliain ar chostas ceannaigh bunaigh na sócmhainní.

6 Cuntas Caipitil

	2014	2013
	€	€
Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2014	2,654	6,392
Amúchadh ar aon dul le dímheas	2,148	3,738
Breiseanna	7,884	**-**
	8,390	**2,654**

7 Stoc

	2014	2013
	€	€
Stáiseanóireacht	9,261	11,379
Fótachóipeáil / TF	3,759	10,469
Ilghnéitheach	1,244	120
	14,264	**21,968**

8 Tobhach Pinsin

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastal thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhach pinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coimeádtar iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin.

9 Áitribh

Oibríonn an tÚdarás ó chóiríocht sa tSráid Mhór, an Uaimh, Co. na Mí, cóiríocht a gcuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil í saor in aisce. Áitíonn an tÚdarás oifig i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 1, freisin chun críche imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas ó bhí mí na Nollag 2013 ann.

10 Dearbhú Leasanna na gComhaltaí

Ghlac an tÚdarás na nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta ann sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag na comhaltaí.

11 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse comhdhéanta de bhuntuarastal bliantúil €100,472. Ina theannta sin, d'fhabhraigh an Príomhfheidhmeannach thart ar €3,500 i leith costais taistil agus chothaithe don tréimhse de réir rátaí taistil agus cothaithe na státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh íocaíochtaí feidhmíochta ar bith sa bhliain 2014.

12 Táillí Comhaltaí Boird

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine an 3 Aibreán 2012. Íocadh táillí de €38,155 le comhaltaí boird an Údaráis sa bhliain 2012. Íocadh €50,872 sa bhliain 2013 agus íocadh €50,873 sa bhliain 2014 mar seo a leanas:

Comhalta Boird	**2014**	**2013**
	€	**€**
Geraldine Clarke (Cathaoirleach)	8,978	8,977
Paul Mooney	5,985	5,985
Patrick Davitt	5,985	5,985
Myles O'Reilly	5,985	5,985
Josephine Henry	5,985	5,985
James Doorley	5,985	5,985
Edward Carey	5,985	5,985
Deirdre Fox	5,985	5,985
	50,873	**50,872**

13 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na cuntais seo an 3 Márta 2015

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Sceideal 6 leis an Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu ar idirbhearta an Chiste agus ar staid a ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus ar na hidirbhearta don bhliain 2014.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 29 Meitheamh 2015

Ráitis Airgeadais

An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

CLÁR ÁBHAR **LEATHANACH**

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6
Clár Comhardaithe	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	8
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	9

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

Ceanglaítear ar an Údarás le Sceideal 6(7) leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ráitis airgeadais a ullmhú sna foirmeacha agus i dtaca leis na tréimhsí cuntasaíochta a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- A lua gur cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as cuntais chuí ghnácha a choinneáil maidir leis an airgead ar fad a íoctar isteach sa Chiste Cúitimh agus maidir le gach eisíocaíocht as an gCiste Cúitimh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas ar shreabhadh airgid agus clár comhardaithe, de réir Sceideal 6(7) leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar a shócmhainní a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go bhfuil córas cuí um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar an gcuntas caiteachais a thaifeadtar ar bhonn míosúil mar aon leis an ioncam a fuarthas.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chucu le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus cur san áireamh á dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann agus ar an líon teoranta foirne. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn rialú airgeadais éifeachtach a chur ar fáil.

1. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun na hearraí agus na seirbhísí ar fad a cheannach, chun sonraisc a fhaomhadh i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus chun íocaíocht a fhaomhadh maidir le hearraí agus seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta chuige sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as iniúchtaí inmheánacha a chur chun feidhme.

2. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar chuntais mhíosúla bhainistíochta.

3. Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an rannóg iniúchóireachta inmheánaí.

4. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair na rannóige iniúchóireachtaí inmheánaí.

5. Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le soláthar agus tá sé ag cloí leis na ciorcláin ar fad a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreat-chomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Bunús Cuntasaíochta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine le reacht an 3 Aibreán 2012. Ceanglaítear ar an Údarás le halt 77(1) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a choimeád. Leagtar amach i Sceideal 6 leis an Acht na forálacha maidir le cad a íocfar isteach sa Chiste agus cad a íocfar amach as.

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin sa chás go luaitear thíos é, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe, arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Aithint Ioncaim

Déantar ranníocaíochtaí leis an gCiste a thuairisciú ar bhonn airgid thirim a fhaightear.

3. Barrachas ar an gCiste

Ceanglaítear ar an gCiste, de réir alt 77(3) den Acht, iarmhéid nach lú ná €2 mhilliún a bheith ann ar nó roimh an gceathrú bliain i ndiaidh dháta a bhunaithe.

4. Dámhachtainí

Aithnítear dámhachtainí mar chaiteachas nuair a bhíonn an tÚdarás sásta go mbaineann caillteanas do chliant ceadúnaí i ngeall ar mhí-ionracas ar thaobh an cheadúnaí sin de, nó ar thaobh duine ar bith atá ag gníomhú thar a cheann, ag eascairt as soláthar seirbhísí maoine.

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
Ioncam			
Ranníocaíochtaí leis an gCiste	**1**	554,210	902,540
Ús ar Thaiscí a fuarthas	**1**	8,880	5,517
Ioncam Iomlán		**563,090**	**908,057**
Caiteachas			
Riarachán		-	-
Caiteachas Iomlán		**-**	**-**
Barrachas don bhliain		563,090	908,057
Barrachas i dtús na bliana		1,075,857	167,800
Barrachas ag deireadh na bliana		**1,638,947**	**1,075,857**

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 2

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

	2014 €	2013 €
Sócmhainní Reatha		
Banc agus airgead tirim	1,638,947	1,075,857
	1,638,947	**1,075,857**
Dliteanais reatha		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	-	-
	-	**-**
Glansócmhainní Reatha	1,638,947	1,075,857
Iomlán na Sócmhainní	**1,638,947**	**1,075,857**
Maoinithe ag		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	1,638,947	1,075,857
	1,638,947	**1,075,857**

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 13.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID AN CHISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Réiteach barrachas oibriúcháin chuig an insreabhadh/ (eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**2014 €**	**2013 €**
Méadú/(laghdú) i ranníocaíochtaí leis an gCiste	563,090	908,057
Laghdú/(méadú) i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**-**	**-**
(Laghdú)/méadú i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe	**-**	**-**
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**563,090**	**908,057**
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	**563,090**	**908,057**

Réiteach sreafa ghlain airgid le gluaiseacht i (nglanfhiachas)/nglanchistí

	2014 €	**2013 €**
Glanchistí ag an 1 Eanáir 2014	1,075,857	167,800
Glanchistí ag an 31 Nollaig 2014	1,638,947	1,075,857
Méadú/(laghdú) in Airgead Tirim	**563,090**	**908,057**

Cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 2.

An tUas. Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach: Dáta: 26/6/15

Geraldine Clarke Uasal, Cathaoirleach: Dáta: 26/06/2015

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

1. Ioncam an Chiste Cúitimh

	2014	2013
	€	€
Ranníocaíochtaí leis an gCiste	554,210	902,540
Ús ar thaiscí a fuarthas	8,880	5,517
	563,090	**908,057**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó le halt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ciste Cúitimh) 2011, 2012, leagtar amach an ranníocaíocht leis an gCiste atá le déanamh ag duine atá ag déanamh iarratas ar cheadúnas nó ar athnuachan ceadúnais: fostóir seirbhísí maoine - €200, conraitheoir neamhspleách - €200, agus príomhoifigeach nó fostaí - €50.

2. Ceangaltais

Ní dhearnadh dámhachtain ar bith as an gCiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus ní raibh ceangaltais amuigh ar bith ann ag deireadh na bliana maidir le deontais a dhámhachtain.